Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2025
(OR. en)**

**9197/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0088(NLE)**

**PROBA 20
AGRI 207
WTO 46**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH (AE) ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg (IOC) a mhéid a bhaineann leis an gcaighdeán trádála le haghaidh olaí olóige agus olaí probhaite ológ |

**CINNEADH (AE) …/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg (IOC) a mhéid a bhaineann leis an gcaighdeán trádála le haghaidh olaí olóige agus olaí probhaite ológ**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 ('an Comhaontú') thar ceann an Aontais i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle[1] an 18 Samhain 2016, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach an 1 Eanáir 2017 i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de agus thug an tAontas i gcrích é trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle[2].

(2) De bhun Airteagal 7(1) den Chomhaontú, féadfaidh Comhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg ('Comhairle na gComhaltaí') cinntí a dhéanamh agus moltaí a ghlacadh chun forálacha an Chomhaontaithe a chur i bhfeidhm.

(3) Le linn an 121ú seisiún a bheidh aici, atá le reáchtáil i mí Iúil 2025, tá Comhairle na gComhaltaí le cinneadh a ghlacadh lena leasófar an caighdeán trádála le haghaidh olaí olóige agus olaí probhaite ológ.

(4) Saineolaithe eolaíocha agus teicniúla maidir le hola olóige, ar saineolaithe iad de chuid an Choimisiúin agus na mBallstát, tá an cinneadh atá le glacadh le linn an 121ú seisiún de Chomhairle na gComhaltaí pléite go mion acu. Leis an gcinneadh sin, rannchuideofar le comhchuibhiú idirnáisiúnta na gcaighdeán le haghaidh olaí olóige agus bunófar creat lena n- áiritheofar iomaíocht chóir i dtrádáil tháirgí earnáil na hola olóige. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú le glacadh an chinnidh sin.

1 Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 293, 28.10.2016, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/1892/oj).

2 Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 139, 27.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/848/oj).

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhairle na gComhaltaí a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ar an Aontas leis an gcinneadh leasaitheach atá le glacadh a mhéid a bhaineann le trádáil idirnáisiúnta le comhaltaí eile de Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg (IOC) agus go bhféadfaidh tionchar cinntitheach a bheith ag an gcinneadh sin ar ábhar dhlí an Aontais, is é sin maidir leis na caighdeáin mhargaíochta le haghaidh ola olóige arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 75 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3].

(6) I gcás ina gcuirfear glacadh an chinnidh ar atráth le linn an 121ú seisiún de Chomhairle na gComhaltaí, mar thoradh ar chuid de na Comhaltaí gan bheith in ann a bhformheas a thabhairt, ba cheart an seasamh a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a ghlacadh thar ceann an Aontais faoi chuimsiú nós imeachta um ghlacadh ag Comhairle na gComhaltaí a d'fhéadfadh a bheith ann trí chomhfhreagras a mhalartú, de bhun Airteagal 10(6) den Chomhaontú, ar choinníoll go dtionscnófar nós imeachta den sórt sin roimh an gcéad seisiún tráthrialta eile de Chomhairle na gComhaltaí i mí na Samhna 2025.

(7) Mar sin féin, ba cheart d'ionadaithe an Aontais i gComhairle na gComhaltaí a bheith in ann oiriúnuithe teicniúla ar mhodhanna nó doiciméid eile de chuid IOC a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle más toradh iad na hoiriúnuithe teicniúla sin ar leasuithe a bhaineann leis an athbhreithniú ar an gcaighdeán trádála.

---

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj).

(8) Chun leas an Aontais a chaomhnú, ba cheart cead a bheith ag ionadaithe an Aontais i gComhairle na gComhaltaí, áfach, a iarraidh glacadh an chinnidh lena leasaítear an caighdeán trádála a chur ar atráth, dá mba dhócha go ndéanfadh faisnéis eolaíoch nó theicniúil nua a chuirfí i láthair roimh an 121ú seisiún nó lena linn difear don seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg ('Comhairle na gComhaltaí') le linn an 121ú seisiún a bheidh aici, atá le reáchtáil i mí Iúil 2025, nó faoi chuimsiú nós imeachta um ghlacadh cinntí ag Comhairle na gComhaltaí trí chomhfhreagras a mhalartú, ar nós imeachta é a thionscnófar roimh an gcéad seisiún tráthrialta eile a bheidh aici i mí Iúil 2025.

*Airteagal 2*

Féadfaidh ionadaithe an Aontais i gComhairle na gComhaltaíoiriúnuithe teicniúla ar mhodhanna nó doiciméid eile de chuid Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle más toradh iad na hoiriúnuithe teicniúla sin ar leasuithe a bhaineann leis an athbhreithniú ar an gcaighdeán trádála le haghaidh olaí olóige agus olaí probhaite ológ.

*Airteagal 3*

I gcás inar dócha go ndéanfar difear don seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 mar gheall ar fhaisnéis eolaíoch nó theicniúil nua a chuirfí i láthair ag an gCoiste ceimice agus caighdeánaithe roimh an 121ú seisiún de Chomhairle na gComhaltaí, iarrfaidh ionadaithe an Aontais glacadh an chinnidh lena leasaítear an caighdeán trádála le haghaidh olaí olóige agus olaí probhaite ológ a chur ar atráth go dtí go mbunófar seasamh an Aontais ar bhonn na faisnéise nua sin.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*